II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1928 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Lúnasa 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a mhéid a bhaineann le bainistiú taraif-chuótaí áirithe agus cainníochtaí díobh le haghaidh na hAirgintíne agus lena gceartaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann lena fhorálacha idirthréimhseacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 185, Airteagal 186 agus Airteagal 223(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, Rialachán (CE) Uimh. 165/94, Rialachán (CE) Uimh. 2799/98, Rialachán (CE) Uimh. 814/2000, Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ([2]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagail 64(6) agus 66(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ([3]) ón gCoimisiún déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí le haghaidh táirgí talmhaíochta atá faoi réir ceadúnas agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh i riar taraif-chuótaí.

(2) Leis an gComhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú"), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1213 ([4]) ón gComhairle, leasaítear an córas bainistíochta i leith roinnt taraif-chuótaí.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha i dtaca le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh i riar taraif-chuótaí (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1).
([4]) Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 264, 26.7.2021, lch. 1).

(3) Leis an gComhaontú tugtar isteach athrú ar bhainistiú an taraif-chuóta le haghaidh gairleog de thionscnamh na hAirgintíne, ó chóras allmhaireoirí traidisiúnta agus allmhaireoirí nua go modh an scrúdaithe comhuainigh, modh nach bhfuil feidhm ag an gceanglas cainníocht tagartha ina leith. Mar iarmhairt air sin, ba cheart Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a scriosadh.

(4) Leis an gComhaontú déantar taraif-chuótaí a scoilteadh faoi na sraithuimhreacha 09.4213 agus 09.4412, a bhaineann le héanlaith chlóis, agus leithdháiltear cuid dá gcainníochtaí ar dhá tharaif-chuóta nuachruthaithe ar earraí de thionscnamh na hAirgintíne, is iad sin: sraithuimhreacha 09.4289 agus 09.4290. Ba cheart tagairtí do na taraif-chuótaí nua sin a chur isteach in Airteagal 9(6) agus (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 27(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760, tá feidhm ag an Rialachán sin maidir leis na tréimhsí taraif-chuóta dar tús an 1 Eanáir 2021 agus ina dhiaidh sin. Leis an bhforáil idirthréimhseach sa chéad mhír d'Airteagal 26 den Rialachán sin, foráiltear gur féidir an chainníocht tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán sin a bhunú i gcomhréir leis na Rialacháin a aisghairtear le hAirteagal 25 den Rialachán sin sa chéad dá thréimhse tharaif-chuóta "tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo". Ba cheart an fhoclaíocht sin a ailíniú le hAirteagal 27(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 trí thagairt a dhéanamh don chéad dá thréimhse tharaif-chuóta "a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo".

(6) Is gá ceartú den chineál céanna a dhéanamh sa dara mír d'Airteagal 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú san fhoráil sin gur féidir an chainníocht tagartha a bhunú trí thréimhsí cuótaí ráta taraife iomlána a úsáid seachas tréimhsí 12 mhí.

(7) Chun aon mhearbhall a sheachaint, is iomchuí an aithris chomhfhreagrach a cheartú freisin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(9) Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 go fóill maidir leis an tréimhse chuóta taraife leanúnach i leith an taraif-chuóta faoi shraithuimhir 09.4104, go dtí go gcuirfear tús leis an gcéad tréimhse tharaif-chuóta den taraif-chuóta faoi shraithuimhir 09.4288 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ([5]).

(10) Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 9(6) agus (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ó thús chéad thréimhse tharaif-chuóta na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4289 agus 09.4290 a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe agus ceartúcháin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760

Leasaítear agus ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 18:

"(18) Chun aon chur isteach ar shreafaí trádála a sheachaint, is ga foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm leanúnach na ngníomhartha aisghairthe maidir le ceadúnais allmhairiúcháin a eisíodh ar bhonn na ngníomhartha sin sular cuireadh an Rialachán seo i bhfeidhm. Chun na críche céanna, is iomchuí údaráis eisiúna ceadúnas an chainníocht tagartha a bhunú i gcomhréir leis na gníomhartha aisghairthe le linn an chéad dá thréimhse tharaif-chuóta dar tús an 1 Eanáir 2021 agus ina dhiaidh sin, tréimhsí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.";

(2) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) scriostar mír 4;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

"6. De mhaolú ar mhír 2, déanfar an chainníocht tagartha a ríomh trí chainníochtaí na dtáirgí a scaoiltear i saorchúrsaíocht san Aontas a charnadh, ar táirgí iad a thagann faoi gach ceann de na grúpaí seo a leanas de thrí nó ceithre shraithuimhir chuóta a leanas a leagtar amach in Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761:

09.4211, 09.4212, 09.4213 agus 09.4290;

09.4214, 09.4215 agus 09.4216;

09.4410, 09.4411, 09.4412 agus 09.4289.

7. De mhaolú ar mhír 3, i gcás na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4211, 09.4212, 09.4213 agus 09.4290, cainníocht iomlán na dtáirgí a chumhdaítear le hiarratais ar cheadúnais arna gcur isteach sa tréimhse tharaif-chuóta le haghaidh na gceithre tharaif-chuóta sin, ní mó a bheidh sí ná cainníocht iomlán tagartha an iarratasóra le haghaidh na gceithre tharaif-chuóta sin. Féadfaidh an t-iarratasóir rogha a dhéanamh maidir leis an mbealach a dhéantar an chainníocht a fhoroinnt i measc na dtaraif-chuótaí a gcuirfear iarratais isteach ina leith. Beidh feidhm ag an riail seo freisin maidir le taraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4214, 09.4215 agus 09.4216 agus sraithuimhreacha 09.4410, 09.4411, 09.4412 agus 09.4289.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

"Airteagal 26

Forálacha idirthréimhseacha

Sa chéad dá thréimhse tharaif-chuóta a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 27(2), féadfaidh an t-údarás eisiúna ceadúnas an chainníocht tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9 a bhunú i gcomhréir leis na Rialacháin aisghairthe ábhartha a liostaítear in Airteagal 25.

I gcás taraif-chuóta atá faoi réir an cheanglais cainníochta tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9 nár úsáideadh ina iomláine, le linn ceann amháin nó an dá thréimhse tharaif-chuóta roimh an gcéad tréimhse tharaif-chuóta a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir léi i gcomhréir le hAirteagal 27(2), féadfaidh oibreoirí rogha a dhéanamh an chainníocht tagartha a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9(1), nó trí úsáid a bhaint as an dá thréimhse tharaif-chuóta deiridh roimhe seo inar úsáideadh an taraif-chuóta ina iomláine.".

Airteagal 2

Foráil idirthréimhseach

Leanfaidh Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an tréimhse chuóta taraife leanúnach i leith an taraif-chuóta faoi shraithuimhir 09.4104.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag pointe (2)(b) d'Airteagal 1 ó thús chéad thréimhse tharaif-chuóta na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4289 agus 09.4290 a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN